An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Mandáid Ghníomhaíochta Timpeallachta COGG 2024

1. Réamhrá agus comhthéacs na heagraíochta

- Is eagraíocht bheag í COGG, a bhfuil an Roinn Oideachais mar Roinn theagmhála, treorach agus maoinithe aici. Tá 12 fostaithe ag obair ar an bhfoireann faoi láthair agus iad scaipthe ar fud na tíre. Tá an ceannoifig i mBaile Átha Cliath ina bhfuil 6 fostaithe lonnaithe:

An Príomhfheidhmeannach:	Jacqueline Ní Fhearghusa
An Leas-Príomhfheidhmeannach:	Pádraig Ó Beaglaoich
Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin:	Steph Uí Choinne
Oifigeach Feidhmiúcháin:	Brigid de Búrca
Oifigeach Taighde agus foilsithe:	Pól Ó Cainín
Oifigeach Digiteach COGG:	Frank Ó Tormaigh

Tá na hoifigí lonnaithe i 23 Plás Windsor, Baile Átha Cliath 2, foirgneamh trí stór ina bhfuil trí mhór oifig oscailte, ceann ar gach ceann den trí úrlar, agus dhá oifig níos lú, ceann ar an dara húrlár agus ceann ar an tríú húrlár. Faoi láthair, bíonn beirt ón bhfoireann istigh san oifig gach lá, an Príomhfheidhmeannach (ach amháin nuair a bhíonn cruinnithe ar siúl lasmuigh den oifig) agus an tOifigeach Taighde agus Foilsithe. Bíonn an ceathrar fostaithe eile istigh san oifig tuairim is 2 lá sa tseachtain de réir an pholasaí cian oibre atá le dul faoi bhráid an Bhoird ar an 5 Nollaig 2023.

Tá triúr fostaithe eile lonnaithe in **oifigí Údarás na Gaeltachta**, na Forbacha, Co. na Gaillimhe. Is iad seo:

- Oifigeach Oideachais Bunscoile don Pholasaí: don Oideachas Gaeltachta: Mícheál S. Mac Donncha
- Oifigeach Oideachais Bunscoile don ETIM: Tíona Nic Fhinn
- Oifigeach Oideachais Iar-bhunscoile: Róisín Ní Mhulláin

Tá na hoifigí seo ar chíos ó Údarás na Gaeltachta agus níl aon fhreagrachtaí ar COGG i leith an fhoirgnimh ina bhfuil siad lonnaithe.

Tá fostaí amháin lonnaithe in **Oifigí Chomharchumann Áras Bhréanainn**, Baile an Fheirtéaraigh, An Daingean, Co. Ciarraí.

- Oifigeach Oideachais Iar-bhunscoile: Aoife Ní Shéaghdha

Tá fostaí amháin lonnaithe in oifigí in **Ionad Fiontraíochta** i gCill Áirne.

- Oifigeach Oideachais Iar-bhunscoile
  don Pholasaí don Oideachas Gaeltachta: Toirdealbhach Ó Lionáird

Tá fostaí amháin lonnaithe in oifig in **Ionad Oideachais Mhaigh Eo**, Béal an Átha áit a bhfuil úsáid na hoifige aici ar feadh dhá lá sa tseachtain.

- Oifigeach Oideachais Bunscoile: Bríd Ní Dhonnchadha

2. Ár bhfoireann

Ráiteas ag léiriú tiomantas na Bainistíochta Sinsearaí do chúrsaí timpeallachta:

- Tar éis an chruinnithe Boird ar an 5 Nollaig agus bunaithe ar thuairimí agus ar mholtaí an Bhoird éiseofar ráiteas ag léiriú tiomantas na bainistíochta do chúrsaí timpeallachta ag léiriú ceannaireacht sa réimse seo agus ag tabhairt treorach maidir le forbairtí sa todhchaí.
- Tabharfar treoir do na fostaithe maidir le cúrsaí athchúrsála sna hoifigí go luath san Athbhliain.

Seaimpín na heagraíochta don timpeallacht agus cursaí inbhuanaithe:

- Tá Frank Ó Tormaigh ainmnithe mar seaimpín na heagraíochta don timpeallacht agus cúrsaí inbhuanaithe. Is duine é seo a bhfuil spéis ar leith aige sa réimse seo agus atá tiomanta don chur chuige is fearr

Struchtúr rialachais:

- Is eagraíocht bheag í COGG faoi láthair agus eagraíocht atá cothrom go maith. Tá an deichniúr foirne freagrach don Phríomhfheidhmeannach agus don Leas-Phríomhfheidhmeannach.

Foireann ghlas na heagraíochta:

- Tá sé i gceist cúpla duine eile ar an bhfoireann a chur ar fhoireann ghlas. Pléifear é seo ag cruinnithe pleanála:
  Na hoifigigh oideachais – 6 Nollaig
  Foireann na hoifige - 11 Nollaig

3. Ár bhfoireann – ag mealladh na foirne

Pleananna oiliúna foirne

- Tá COGG mar bhall den bhForas Riaracháin a chuireann oiliúint ar fáil sa réimse seo. Déanfar fiosruithe leo maidir le cursaí don fhoireann don bhliain 2024 agus cinnteofar go gcuirfear an oiliúint chuí ar fáil.

Gníomhú ar son na timpeallachta agus ceardlanna inbhuanaithe:

- Pléifear na féidearthachtaí a bhaineann le cláir oideachais ar leith a aistriú agus a chur ar fáil trí Ghaeilge – is í COGG a dhéanfaidh maoiniú ar a leithéid
- Iarrfar ar na hoifigigh oideachais roinnt taighde a dhéanamh maidir le forbairtí sa réimse seo sa Bhéarla agus déanfar gach iarracht a chinntiú go gcuirfear ar fáil trí Ghaeilge iad

Oiliúint don Bhainistíocht Shinsearach:

- Ach an oiread leis na baill foirne, déanfaidh an bhainistíocht shinsearach cúrsa oiliúna sa réimse seo agus cuirfidh an oiliúint ar a gcumas an treoir, tacaíocht agus comhairle cheart a chur ar fáil don fhoireann.

4. Ár spriocanna

Anailís ar astaíocht charbóineach – bonnlíne, astaíochtaí reatha, treochtaí astaíochta, fás tuartha faoi 2030 gan aon ghnímh breise, bearnaí roimh spriocanna:

- Níl an saineolas ar fáil laistigh d'fhoireann COGG faoi láthair chun na figiúirí seo a chur le chéile agus a leagan amach mar atá iarrtha sa teimpléad seo. Lorgófar an saineolas seo go seachtrach agus cuirfear an t-eolas cuí ar fáil.

Anailís bonnlíne ar éifeachtúlacht foirgnimh, éifeachtúlacht fuinnimh reatha, éifeachtúlacht tuartha in 2030 gan aon ghnímh bhreise:

- Níl an saineolas ar fáil laistigh d'fhoireann COGG faoi láthair chun na figiúirí seo a chur le chéile agus a leagan amach mar atá iarrtha sa teimpléad seo. Lorgófar an saineolas seo go seachtrach agus cuirfear an t-eolas cuí ar fáil.

Gnímh/ tionscadail ag teastáil chun spriocanna a bhaint amach

- Táimid den tuairim go bhfuil COGG ró-bheag mar eagraíocht le go mbeadh gnímh nó tionscadail ar leith i gceist ach tabharfar cur síos ar an réimse seo nuair a bheidh freagraí againn ar an dá phointe urchair thuas.

5. An bealach a oibrímid

Córas bainistíochta timpeallachta agus fuinnimh

- Níl a leithéid i bhfeidhm faoi láthair

Digitiú próisis éagsúla

- Tá COGG tiomanta d'acmhainní foghlama agus teagaisc a chur ar fáil go digiteach. Chuige sin agus mar ghníomh de chuid an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta, tá ardán digiteach, ***An Tairseach***, cruthaithe ar a bhfuil breis is 2,000 le haghaidh gach ábhar ar an gcuraclam

bunscoile agus iar-bhunscoile. Tá na hacmhainní seo ar fáil do scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta go príomha ach tá siad ar fáil d'aon scoil le haghaidh múineadh na Gaeilge féin. Tá iarrachtaí leanúnacha ar siúl ag COGG chun ***An Tairseach*** a phoibliú i measc scoileanna na tíre.
- Déanann COGG maoiniú ar thograí éagsúla oideachais atá bunaithe ar chórais dhigiteacha ar nós Mol Mata agus aipeanna agus acmhainní digiteacha eile.

Próiseas soláthair Glas

- Cuirfear cursaí soláthar glas san áireamh in aon phróiseas tairsceana oscailte ó thus 2024. Ag ócáid oiliúna ar chúrsaí soláthair a eagraíodh don fhoireann le déanaí, tagraíodh don phróiseas soláthair glas agus tá an fhoireann san airdeall ar ár gcuid freagrachtaí sa réimse seo.

Slite tógála íseal úsáid carbóin

- Ní bhaineann seo le hobair COGG

Úsáid Acmhainní

- Cuirfear úsáid chiallmhar agus tíosach acmhainní san áireamh in aon tionscadail/ tograí atá beartaithe ag COGG.
- Déanann COGG cinntí maidir le hábhar a chur i gcló ar bhonn rialta. De bharr go bhfuil COGG ag plé le téacsleabhair agus acmhainní teagaisc eile ar gá iad a chló, níl aon rogha againn faoi láthair ach ábhar áirithe a chur i gcló. É sin ráite, baintear úsáid as An Tairseach chun acmhainní a chur ar fáil go digiteach an oiread agus is féidir.

6. Ár bhfoirgnimh agus ár bhfeithiclí

Feithiclí

- Is cairr phríobháideacha a mbaineann an fhoireann úsáid astu agus íoctar rátaí taistil agus cothabhála na Stáit Seirbhíse leo de réir mar atá leagtha amach sna ciorcláin chuí. Iarrtar ar bhaill foirne úsáid a bhaint as an gcóras taistil poiblí nuair is féidir leo. É sin ráite, bíonn acmhainní á n-iompar acu agus iad ag taistil chuig comhdháileacha/ scoileanna agus bíonn carr ag teastáil uathu.
- Iarrtar ar Oifigigh oideachais réimse cruinnithe a eagrú má tá siad ag taistil chuig ceantar ar leith. Sa tslí seo, gearrtar siar ar thurais ar son cruinnithe aonuaire.
- Má tá an fhoireann ag freastal ar chomhdháileacha oideachais/ imeachtaí eile déantar iarracht cruinniú foirne a eagrú ag an am céanna chun an úsáid is éifeachtaí a bhaint as an taistil.
- De bharr go bhfuil tromlach na foirne a bhíonn ag taistil lonnaithe ar chósta an Iarthair, eagraítear cruinnithe pleanála/ plé srl. in áiteanna lárnacha ar nós Luimneach nó an Ghaillimh.
- Tá dhá spás páirceála i bpríomhoifig na heagraíochta i mBaile Átha Cliath. Baineann an bhainistíocht shinsearach úsáid astu seo mar bíonn siad ag dul idir an oifig agus cruinnithe éagsúla ar bhonn leanúnach.

Ár bhfoirgnimh

- Ní hacmhainn do COGG creidiúnú foirmeálta timpeallachta a bhaint amach. Is eagraíocht bheag sinn le hoifigí beaga ar chíos in áiteanna éagsúla timpeall na tíre, seachas an príomhoifig

i mBaile Átha Cliath, áit a bhfuil gach iarracht déanta le cinntiú go ngearrtar siar ar úsáid fuinnimh an oiread agus is féidir.

- Athraíodh córas teasa na príomhoifige i 2022 le sábháil costais agus aschur fuinnimh de 33%. Cuireann an córas teasa nua ar ár gcumas an teasa a rialú in oifigí éagsúla go háirithe mura bhfuil daoine istigh san oifig ar laethanta áirithe.
- Athraíodh bolgáin fluaraiseach in oifigí uile na príomhoifige i mí na Samhna go dtí córas soilsithe LED. Tá sábháileacha fuinnimh suntasacha agus costais i gceist leis an athrú seo. Tá dícheangal fós le déanamh idir an córas soilsithe in oifigí áirithe agus leanfar den obair sin go luath san Athbhliain 2024, rud a chiallaíonn nach mbeidh soilse ar siúl in oifigí ach amháin má daoine ag obair iontu.